

# Sraith na hArdteistiméireachta:

Tógadh Sráid Henrietta i lár an 18ú haois, beagnach 300 bliain ó shin, nuair ba chuid d'Impireacht na Breataine í Éire go fóill.

Tháinig athrú suntasach ar an tsráid in imeacht na mblianta, mar thoradh ar ghníomhartha roinnt daoine agus ar imeachtaí eile a thit amach in Éirinn agus timpeall an domhain. De réir mar a tháinig athrú ar an tsráid, tháinig athrú ar chineál na ndaoine a chónaigh ann freisin. Breathnaítear sna hacmhainní seo ar a raibh i gceist leis na hathruithe sin agus ar an gcúis a bhí leo, ó tógadh Sráid Henrietta san 18ú haois go lár na 20ú haoise.



14  
Sráid  
Henrietta  
Henrietta  
Street

Ó theach cathrach  
Seirseach go tionóntán



## 14 Sráid Henrietta

### Acmhainní Scoile don Ardteistiméireacht

#### Sa phacáiste seo:

1. Réamhrá
2. An nasc idir an pacáiste seo agus an siollabas staire
3. Bunús Seoirseach Shráid Henrietta
  - *“Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815”*
  - *“Éire agus an tAontas, 1815-1870”*
4. Ré na dTionóntán agus Leasú Sóisialta
  - *“Glúaiseachtaí don leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914”*
5. Deireadh na dTionóntán agus an tAistriú go dtí na Bruachbhailte
  - *“An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989”*
6. Acmhainní Breise

#### 1: Réamhrá

Iarsmalann stair shóisialta Bhaile Átha Cliath is ea *14 Sráid Henrietta*, ina mbreathnaítear ar an bhfoirgneamh óna bhunús mar theach Seoirseach go haimsir na dtionóntán. Nascann muid stair an tsaoil uirbhgh thar 300 bliain le scéalta na ndaoine a chónaigh san áit.

Is é an aidhm atá leis an bpacáiste seo ná sraith cás-staidéar agus acmhainní breise a chur ar fáil duit chun cuidiú leat gníomhaíochtaí, ceachtanna agus tionscadail a dhearadh do do ghrúpa staire Ardteistiméireachta.

## 2. An nasc idir an pacáiste seo agus an siollabas staire

Déantar plé sa phacáiste acmhainní seo ar thopaicí éagsúla i siollabas staire na hArdteistiméireachta i gcomhthéacs *14 Sráid Henrietta*. Tá ceangal idir an pacáiste agus príomhchúraimí an tsiollabais staire, go háirithe ‘Eispéireas an duine – cúram na staire’; ‘Am agus athrú – éirim na staire’ agus ‘Tuiscint a fhorbairt – athbhreithniú ar an stair’.

Forbróidh do ghrúpa a scileanna mar staraithe trí chuairt a thabhairt ar *14 Sráid Henrietta* agus trí na huirlisí sa phacáiste seo, beag beann ar an ábhar staidéir. Tá naisc thar a bheith láidir leis na míreanna seo a leanas den siollabas, áfach:

#### **An Nua-Aois Luath:**

- Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

#### **An Nua-Aois Dhéanach:**

- Éire agus an tAontas, 1815-1870
- Glúaiseachtaí don leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914
  - Cás-staidéar: Baile Átha Cliath 1913 – stailc agus frithdhúnadh
- An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

Ar fud an phacáiste seo, díritear ar chineálacha éagsúla fianaise chun an chuid den chreat siollabais ‘Ag obair le fianaise’ a léiriú.

## Sraith na hArdteistiméireachta: Bunús Seirseach Shráid Henrietta

Is í Sráid Henrietta an tsráid Sheirseach is sine i mBaile Átha Cliath. Cuireadh tús le hobair thógála ar an tsráid i lár an 18ú haois, ar thalamh a bhí faoi úinéireacht Luke Gardiner. Níorbh fhada gurbh í Sráid Henrietta an tsráid ba ghalánta i mBaile Átha Cliath agus go raibh mórphearsana scothaicme na hÉireann ag iarraidh cur fúthu ann.

Sna tríocha bliain tar éis do Shráid Henrietta a bheith tógtha b'áit chónaithe í do sheisear cónaitheoirí teidealta, beirt ghinearál ón arm, triúr ardeaspag, beirt urlabhraithe ó Theach na dTeachtaí agus Ard-Seansailéir na hÉireann. Suíomhanna sóisialta agus polaitíochta ab ea na tithe cathrach uasaicme seo agus bhíodh cóisirí, straitéisíú agus comhcheilg ar bun iontu. Bhí baint ag beagnach gach cónaitheoir Seirseach ar Shráid Henrietta – idir Teachtaí Parlaiminte, Tiarnaí agus lucht ceannais na heaglaise – leis an bpolaitíocht nó leis an dlí. Ina measc bhí Lord John Maxwell (Barún Fhearnáin); Owen Wynne (Feisire do Shligeach); Iarla Thuamhan; George Stone (Easpag Fhearna); Nathaniel Clements MP; William Stewart (Iarla Bhaile Coimín); Sir Robert King (Barún Eanach Uí Bheannacháin); agus Nicholas Hume-Loftus (Iarla Éile).

Tar éis Acht an Aontais in 1801, chuaigh a lán sráideanna galánta i mBaile Átha Cliath as feidhm de réir mar a d'fhág an uasaicme agus na péicealláin an chathair. Le linn na tréimhse sin, tháinig an mheánaicme ghairmiúil – leithéidí dochtúirí agus dlíodóirí – chun cinn agus nuair a lonnáíodh Óstaí an Rí ag barr Shráid Henrietta rinneadh ceantar dlí den tsráid agus áit chónaithe, oiliúna agus oibre do na haturnaetha a bhí ann. Ó 1800 go dtí na 1840idí, áit chónaithe agus oibre d'aturnaetha ab ea 14 Sráid Henrietta.



*Seat Amuigh de Shráid Henrietta le Ros Kavanagh*

## Bunús Seirseach Shráid Henrietta

Cuireadh na hEastáit Fhiachbháite ar bun mar thoradh ar an nGorta Mór i lár an 19ú haois chun dul i ngleic leis an líon mór eastát a bhí dócmhainneach. Bunaíodh Cúirt na nEastát Fhiachbháite ag 14 Sráid Henrietta agus rinneadh seomra cúirte den teach cóiste ar chúl an fhoirgnimh. Ó 1849, úsáideadh 14 Sráid Henrietta chun díolachán na n-eastát ollmhór seo a bhainistiú agus chun na fiacha a bhain leo a ghlanadh.

Idir 1862 agus 1876, bhí feidhm eile arís leis an bhfoirgneamh agus é mar bheairic do Mhílíste Bhaile Átha Cliath agus mar áit chónaithe do shaighdiúirí agus dá dteaghlaigh. Is thart ar an am sin a rinneadh tionóntáin d'fhoirgnimh eile ar an tsráid den chéad uair. Ní raibh an lucht dlí a bhí ag obair go fóill ar an tsráid sásta go raibh saighdiúirí mar chomharsana acu agus rinne siad gearáin fhoirmiúla leis an rialtas mar gheall ar an torann ó na druileanna sular fhág an mílíste in 1876.



*Doras Tosaigh ar Shráid Henrietta (Grianghraf le Ros Kavanagh)*

## Muintir Shráid Henrietta



### Luke Gardiner (a. 1690 - 1755)

*A chónaigh i 14 Sráid Henrietta: 1751 - 1758*

Ba é Luke Gardiner a d'fhorbair Sráid Henrietta. Níl ach fíorbheagán eolais againn ar óige, dúchas nó sliocht Gardiner ach creidtear gur rugadh é i mBaile Átha Cliath. Le himeacht ama bhí sé ar dhuine de na fir ba rathúla agus ba shaibhre in Éirinn. Teachta Parlaiminte agus baincéir ab ea é agus mar fhorbróir réadmhaoine d'fhág sé a rian ar thuaisceart Bhaile Átha Cliath. D'fhorbair sé Sráid Ghairdinéir, Cearnóg Mhuinseo agus Sráid Mhaoilbhríde agus ba eisean a chruthaigh Sráid Henrietta do mhaithe agus móruaisle na hÉireann.

Íomhá: © Iontaobhaithe Mhúsaem na Breataine. Á roinnt faoi Cheadúnas Sannta Creative Commons - NonCommercial-ShareAlike 4.0 International (CC BY-NC-SA 4.0).



### An Ginearál Bíocunta Richard Molesworth

**(1680 - 1758)** *A chónaigh i 14 Sráid Henrietta: 1751 - 1758*

Ba iad an tArd-Bhíocúnta Richard Molesworth agus a dara bean chéile, Mary, an chéad teaghlach a chuir fúthu ag 14 Sráid Henrietta. Duine mór le rá san arm ab ea Richard Molesworth, a bhí i gceannas ar a reisimintí féin ag Cathanna Blenheim (1704) agus Ramillies (1706) le linn Chogadh Chomharbas na Spáinne. Ceapadh é mar Ard-Cheannasaí Arm Ríoga na hÉireann i 1751.

Ba í Mary, Lady Belvedere, iníon Molesworth agus a chéad mhná. Choinnigh a fear céile í faoi bhraighdeanas baile (*house arrest*) in Gaulstown, Co. na hIarmhí ar feadh beagnach tríocha bliain mar chreid sé gur fheall sí air. Shéan Mary na líomhaintí ach thréig a teaghlach í mar gheall ar an scannal. Uair amháin, d'éalaigh sí agus theith sí go dtí 14 Sráid Henrietta chun cabhair a fháil óna hathair, ach chuir sé ó dhoras í.

## Humans of Henrietta Street



### An Bhantiarna Mary Molesworth (1728 - 1763)

*A chónaigh i 14 Sráid Henrietta: 1751 - 1758*

Mary Jenney Usher a baisteadh ar Lady Mary Molesworth agus ní raibh sí ach cúig bliana déag d'aois nuair a phós sí Richard Molesworth i 1743, agus eisean seasca a trí bliain d'aois. Pósadh a bheadh mídhleathach sa lá atá inniu ann. Chuir an t-údar Horace Walpole uirthi mar “a very great beauty, whose amiable character and virtue were beyond all suspicion, untainted and irreproachable.”

Bhí ochtar páistí ag Lady Mary agus fuair sise, deartháir léi agus beirt iníonacha léi (Mary agus Melosina) bás i 1763 nuair a chuaigh teach trí thine i Londain. Coirloscadh ba chúis leis an tine: searbhónta a bhí ag iarraidh gadaíocht a cheilt.

*Íomhá ©An Taisce Náisiúnta Íomhánna/Derrick E. Witty*



### John Bowes (1691 - 1767)

*A chónaigh i 14 Sráid Henrietta: 1751 - 1758*

Polaiteoir agus breitheamh Angla-Éireannach ab ea John Bowes. Bhí clú air as a gcumas sa dlí agus as an naimhdeas a bhí aige do Chaitlicigh. Thug sé an breithiúnas seo tráth faoi aighneas maidir le talamh: “The law does not suppose any such person to exist as an Irish Roman Catholic, nor could such a person draw breath without the Crown’s permission.” Ní raibh aon ghean ag an bpobal air mar gheall ar na dearcthaí láidre a bhí aige. Bhí cónaí air ag 14 Sráid Henrietta go bhfuair sé bás.

*Íomhá: Dealbh bhrád de John Bowes ag Ard-Eaglais Chríost, Baile Átha Cliath*



### Mary Wollstonecraft (1759 - 1797)

*A chónaigh i 15 Sráid Henrietta: 1786 - 1787*

Bhog Mary Wollstonecraft go dtí 15 Sráid Henrietta i 1786 chun obair a dhéanamh mar mháistreás do mhuintir Kingsborough. Níor réitigh sí go maith le Lady Kingsborough agus briseadh as a post í an bhliain dár gcionn. Cúig bliana ina dhiaidh sin scríobh sí an leabhar feimineach ceannródaíoch *A Vindication of the Rights of Woman*.

Tugann Wollstonecraft léargas dúinn ar na rialacha sóisialta leatromacha, dar léi, a bhí i bhfeidhm do mhná i mBaile Átha Cliath: “Dublin has not the advantages which result from residing in London; everyone’s conduct is canvassed, and the least deviation from a ridiculous rule of propriety... would endanger their precarious existence”.

*Íomhá © National Portrait Gallery, Londain*

## Fianaise ar an Saol ar Shráid Henrietta

### An bhail a bhí ar an tsráid in 1807, tar éis Acht an Aontais:

“Henrietta Street, once the proud residence of the O’Neills, the Shannons, the Ponsonbys, the Kingsboroughs, the Mountjoys and the primates and chiefs of our religious establishments, is now a heavy melancholy group of monuments of our recent prosperity, it is literally covered with grass.”

*The Irish Magazine*

### Dhá chur síos ar 14 Sráid Henrietta ó na 1850idí, nuair is Cúirt na nEastát Fiachbháite a bhí ann:

Reáchtáiltí an chúirt i “one of the houses in Henrietta Street - a small and quiet, but handsome street in the extreme north of the city of Dublin”. Cuireadh síos ar an seomra cúirte i dteach an chóiste ar chúil uimhir 14 mar “large, chilly-looking room, without a ceiling between the roof and the floor, furnished with some rows of seats for the public, a small table covered with green cloth for the bar and the attorneys, and an elevated bench unadorned even with the royal arms, for the commissioners”.

‘The History and Statistics of the Irish Incumbered Estates Court’ in *The Journal of the Statistical Society of London* imleabhar 44 Uimh.2 (Meitheamh 1881) Ich.203-234

“A large old-fashioned mansion in Henrietta Street, Dublin, was taken for the commissioners, the stable at its rear being enlarged into a court house, where the commissioners sat together two days weekly, and where the public sales of estates took place [...] the quantity of work which flowed in upon the court, especially in the years 1851-4 was in excess of all anticipations [...] Little account was made of the usual office hours, or even of customary periods of vacation. The only anxiety was to clear off the heavy work in the offices as rapidly and efficiently as possible.”

*The History and Statistics of the Irish Incumbered Estates Court’ in The Journal of the Statistical Society of London* imleabhar 44 Uimh.2 (Meitheamh 1881) Ich.203-234



1860: Fógra don General Engineering, Geological Survey and Valuation Office

## Roinnt ceisteanna machnaimh

Sna 1720idí, thug Luke Gardiner faoi athrú ó bhonn a dhéanamh ar Bhaile Átha Cliath trí thithe móra a thógáil, gan ach tríocha bliain imithe thart ó Chath na Bóinne.

- Céard a bhí ag tarlú in Éirinn/san Eoraip a d'fhág go raibh an saibhreas sin sa chathair?
- Cén tionchar a bhí ag an bparlaimint ag Faiche an Choláiste ar an tír roimh Acht an Aontais?
- Cén saghas saoil a bhí ag mná Shráid Henrietta?
- Tar éis Acht an Aontais, tháinig meath ar chuid mhaith de na foirgnimh Sheoirseacha i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Cén chúis a bhí leis seo?
- Cén tionchar a bhí ag Acht an Aontais ar Shráid Henrietta? An raibh an tionchar céanna ag Acht an Aontais ar Shráid Henrietta agus mar a bhí ar cheantair eile i mBaile Átha Cliath sa ré Sheoirseach?



# Ré na dTionóntán agus Leasú Sóisialta (Sráid Henrietta, 1870 - 1914)

I rith an Ghorta Mhóir idir 1845-49 bhog líon ollmhór daoine in Éirinn ón tuath go dtí na cathracha. Tháinig tiarnaí talún i dtír ar an éileamh ar thithíocht trí thithe Seoirseacha a cheannach agus a athchóiriú mar áiteanna cónaithe do theaghlaigh éagsúla, agus thugtaí “tionóntáin” ar na háiteanna cónaithe seo.

Ó na 1860idí ar aghaidh, athchóiríodh roinnt tithe ar Shráid Henrietta mar fhoirgnimh thionóntáin. In 1876, cheannaigh Thomas Vance – arbh as an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath dó – 14 Sráid Henrietta agus bhí sé i gceist aige tionóntán 14 árasán a dhéanamh den teach. Bhain sé amach na simléir mharmair agus na doirse mahagaine ón ré ghalánta Sheoirseach agus dhíol sé iad ar ceant. Bhain sé amach an staighre galánta ionas go bhféadfadh sé níos mó seomraí a chur ann agus rinne sé staighre comhroinnte de staighre na searbhóntaí. Chuir sé dhá leithreas ann.

Ar feadh cúpla scór bliain ina dhiaidh sin, bhí cónaí ar líon ollmhór oibrithe agus daoine bochta ag 14 Sráid Henrietta agus ag tionóntáin eile ar fud Bhaile Átha Cliath. I ndaonáireamh 1911, bhí níos mó ná 100 duine cláraithe a bheith ina gcónaí ag 14 Sráid Henrietta, teach a tógadh i gcomhair teaghlach amháin sna 1700idí.



14 Sráid Henrietta (Grianghraf le Paul Tierney)

## Fiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath, 1913-1914

Spreagadh Fiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath, a d'fhoilsigh an Bord Rialtais Áitiúil d'Éirinn, nuair a thit dhá fhoirgneamh tionóntáin anuas ag Uimh. 66 agus Uimh. 67 Sráid an Teampaill ar an 2 Meán Fómhair 1913, tubaiste ina bhfuair seachtar bás agus inar gortaíodh a lán daoine. Cúis eile a bhí leis an bhfiosrúchán ná go raibh an pobal ag díriú níos mó ar chúinsí maireachtála na mbocht tar éis Fhrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath.

Fuarthas amach sa tuarascáil ón bhfiosrúchán go raibh cónaí ar níos mó ná 20,000 teaghlach i dtionóntáin aon seomra (23% den daonra iomlán). Socraíodh go raibh a lán foirgneamh “unfit for human habitation”. In éineacht leis an tuarascáil bhí sraith grianghraf a cheaptar a tógadh i bhfómhar na bliana 1913 agus ina raibh cúinsí maireachtála sna tionóntáin le feiceáil. Ba é John Cooke, Cisteoir Oinigh The National Society for the Prevention of Cruelty to Children (NSPCC), a chuir na grianghraif faoi bhráid Fhiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 1913.

Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte i mí Feabhra 1914, ach nuair a bhris an cogadh amach i samhradh na bliana sin, níor thug polaiteoirí tús áite do chúinsí tithíochta i mBaile Átha Cliath a thuilleadh.

*“I condemn the whole of the tenement system now existing. It breeds misery; and worse. It causes a great waste of human life and human force; men, women and children can never rise to the best that is in them under such conditions.”*

- John Cooke, 1913



An Staighre Cúil ag 14 Sráid Henrietta (Grianghraf le Ros Kavanagh)

Is féidir an tuarascáil iomlán a íoslódáil sa mhír ‘Acmhainní Breise’ thíos. Is iad seo a leanas roinnt sleachta ó mholtaí an choiste:

#### TENEMENT HOUSES.

The vast majority of existing houses occupied by the working classes consist of what are called “Tenement Houses,” that is to say, houses intended and originally used for occupation by one family, but which, owing to changes of circumstances, have been let out room by room, and are now occupied by separate families, one in each room for the most part.

As regards those tenement houses, we make the following suggestions, some of which cannot be effected without legislation.

#### CARETAKER.

If the landlord does not reside in the house there should be compulsorily a caretaker or other responsible person residing in the house and having charge of it.

The presence of a caretaker would prevent wilful damage by tenants, and tend to produce compliance with the Bye-laws, especially as to cleaning the stairs and passages, overcrowding in the rooms, and notification of infectious disease, and if the hall-doors were closed at night, and light provided in the hall, stairs and passages, the evils which are referred to in the report would be checked.

It is stated there on page 4 that:—“The front door is often left open all day and all night,” and on page 5—that witnesses, including the clergy, have testified that—“The constantly open doors and the want of lighting in the halls and passages at night are responsible for much immorality.”

Is féidir an tuarascáil iomlán a íoslódáil sa mhír 'Acmhainní Breise' thíos. Is iad seo a leanas roinnt sleachta ó mholtaí an choiste:

### WATER SUPPLY AND SANITARY ACCOMMODATION.

There should be a water tap and a sink to carry away dirty water on every floor.

The Bye-law No. 11 provides for privy accommodation so that the number of water closets or privies in relation to the greatest number of persons who, subject to the restrictions imposed by any bye-law in that behalf, may, at any one time, occupy rooms in the house as sleeping apartments, shall be in the proportion of not less than one water closet or privy to each twelve persons.

This provision, which is also in the Liverpool Bye-laws, is, we understand, not enforced by the Sanitary Authorities as it should be, and we doubt if it is adequate.

The water closets are generally in the yard. There should be at least one in the house, if not one on every floor.

These provisions for water supply and sanitary accommodation should be made conditions for the granting and renewal of the licence.

### COOKING APPLIANCES.

Good cooking is essential to health, and badly fed men and women cannot work properly. The small open bedroom grates in the upper rooms in tenement houses are quite unfit for cooking meals, however simple, and waste much coal. We suggest that where the ordinary grates in living rooms are not suited for cooking purposes, small open ranges or stoves should be provided. They are not by any means expensive, about £3 15s., including fixing.

### PUTTING HOUSES IN REPAIR.

The Report shows that most of the tenement houses have been allowed to go out of repair, and the difficulty is how to get the owners to put them in repair. The Corporation have no power to interfere unless the want of repair is such as to make the house unsanitary, dangerous, or unfit for habitation. If the system of licensing is adopted, it could be made a condition that the house first should be put in proper repair, and the caretaker would then be responsible

## Fianaise ar an Saol i dtionóntán 14 Sráid Henrietta:

### 1877: Fógra do Lóistín i 14 Sráid Henrietta ón Irish Times:

*“To be let to respectable families in a large house, Northside, recently papered, painted and filled up with every modern sanitary improvement, gas and wc on landings, Vartry Water, drying yard and a range with oven for each tenant; a large coachhouse, or workshop with apartments, to be let at the rere. Apply to the caretaker, 14 Henrietta St.”*



Fiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath, 1914 – John Cooke



Ruined houses, 68, 69 and 70 Upper Dominick Street.

Fiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath, 1914 – John Cooke

## Roinnt ceisteanna machnaimh

- Cén fáth a ndearnadh tionóntáin de líon mór forbairtí Seoirseacha ar nós Shráid Henrietta ag deireadh an 19ú haois?
- Céard iad na cúinsí ba chúis le Fiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath i 1913?
- Céard iad na príomh-mholtaí a rinne an coiste i bhFiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath?
- Céard is féidir a rá faoin saol sna tionóntáin i mBaile Átha Cliath ó na trí ghrianghraf thuas? Smaoinígí ar na foinsí: an bhfuil siad iontaofa?



*Páistí ar Shráid Henrietta: Le caoinhead ó Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann*

## Deireadh leis na Tionóntáin

### Réamhrá

Tar éis Fhiosrúchán Tithíochta Bhaile Átha Cliath, tugadh ordú a lán tionóntán a leagan agus le linn an 20ú haois cuireadh árasáin ar fáil i lár na cathrach do na daoine a bhí ina gcónaí iontu, leithéidí Henrietta House taobh thiar de 14 Sráid Henrietta agus forbairtí sna bruachbhailte: Baile Formaid, Baile Munna, an Chúlóg, Cromghlinn, Darndál, Droimeanach agus Fionnghlas.

B'athrú ollmhór é seo do na daoine a bhí ina gcónaí sna tionóntáin. Bhí ríméad ar chuid acu cur fúthu i dtithe a raibh seomra folctha agus gairdín dá gcuid féin acu. Bhraith daoine eile spiorad pobail na dtionóntán uathu agus ba dheacair dóibh taisteal idir na bruachbhailte agus ionaid oibre agus scoileanna sa chathair.



Teachíní Bhóthar na gCloch (Grianghraf le Marc O'Sullivan)

## Fianaise ar an saol ar Shráid Henrietta sa dara leath den 20ú haois:

Is cuimhin le go leor daoine a n-óige sna tionóntáin le linn an 20ú haois. Is bealach iontach í an stair ó bhéal chun na cuimhní beo seo a thaifeadadh agus chun léargas soiléir a thabhairt dúinn ar an saol i dtionóntáin Bhaile Átha Cliath.

Ós rud é go raibh an chuid is mó de na daoine lenar labhair muid ina bpáistí ag an am, tá bailiúchán saibhir cuntas againn ar an saol sna tionóntáin ó thaobh an pháiste de. Rinneadh na hagallaimh thíos le daoine a bhí ina gcónaí sna tionóntáin tráth agus pléitear gach gné den saol iontu.

- Breitheanna agus básanna: <https://youtu.be/d9yMCarHs6M>
- An óige: <https://youtu.be/q0p5aTTsBuk>
- An saol laethúil: <https://www.youtube.com/watch?v=2dthcCQcMxY>
- An bia: [https://youtu.be/8vQn-Pz\\_F4g](https://youtu.be/8vQn-Pz_F4g)
- Ag aistriú go dtí na bruachbhailte: [https://youtu.be/84fw4CPbr\\_w](https://youtu.be/84fw4CPbr_w)
- An saol ar scoil: <https://youtu.be/BJF8USS-zDw>
- An muintearas idir daoine: <https://youtu.be/DfHOZc05SEA>
- Ócáidí speisialta: <https://youtu.be/awQA8-VO0O8>
- An saol oibre: <https://www.youtube.com/watch?v=skEMk97I3fA>

## Roinnt ceisteanna machnaimh

- Aistríodh cónaitheoirí ó na tionóntáin go forbairtí nua ar fud na cathrach thar thréimhse timpeall ochtó bliain. Cén fáth ar mhair an próiseas an oiread sin ama?
- Éistigí leis an stair ó bhéal ar an leathanach roimhe seo. An bhfuil na daoine ar aon intinn maidir leis an saol sna tionóntáin? An bhfuil tuairimí nó taithí éagsúla acu i gcásanna áirithe?
- Céard is féidir a rá ón stair ó bhéal seo faoin tsochaí i bPoblacht na hÉireann sa dara leath den 20ú haois?
- Smaoinígí ar an stair ó bhéal mar fhianaise: cé chomh hiontaofa atá na taifid seo? Cén chaoi a bhféadfadh siad a bheith neamhiontaofa? Céard iad na buntáistí agus na teorainneacha a bhaineann le stair ó bhéal mar fhianaise ar thréimhse sa stair?

## Acmhainní Breise

### An Ré Seoirseach

- [Exploring Georgian Dublin](#)  
Ar an suíomh seo tá eolas ar Bhaile Átha Cliath sa Ré Sheoirseach agus ar léarscáileanna Choimisiún na Sráideanna Leathana.

### Aimsir na dTionóntán

- [The Report of Committee on Control and Improvement of Tenement Houses, 1914](#)

- **Dilapidated Housing 1964 (RTÉ)**

<https://www.rte.ie/archives/exhibitions/894-house-and-home/139167-housing-in-dublin/>

Sa chlár faisnéise seo ó 1964 pléitear an bhail ar thithíocht phoiblí agus tá agallaimh ann le daoine agus iad á n-aistriú óna gcuid tithe i lár na cathrach go dtí na bruachbhailte

- **Housing Conditions Critical in Dublin 1966 (RTÉ)**

<https://www.rte.ie/archives/exhibitions/894-house-and-home/139163-housing-conditions-in-dublin/>

Sa chlár faisnéise seo ó 1966 díritear ar chúinsí sna tionóntáin i lár Bhaile Átha Cliath, déantar agallaimh le daoine atá ag streachailt le teach a fháil agus breathnaítear ar fhorbairt tithíochta nua i mBaile Munna.